Fada Fánaid re rath ríogh
[RIA 475 (24/p/25) (= Leabhar Chlainne Suibhne) 72v, p. 138]
Uillíam O an Cháinte ón Mumhuin
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 [F]ada Fánaid re rath riogh
ni rath nac tainicc a thuar
a-nois tanaic trath da díon
táth da bríogh ar Fhánaid úadh.
2 Crioch Fhánad aicci ’ga huaim
is f(h)accus a táth don tír
crich ara cobhair do-chuaidh
crich fuair a rogain do righ.
3 Mac Suibne ni fhillfe on ágh
gan imtheacht tar f[h]uighlib[h] druad[h]
taisccter é mur adhbar díadh
gibe d’fhiadh nar hadhnad[h] uadh.
4 Le Domnall ar fhedh an aigh
beg dograind an te re tháoibh
croebh oghaim tarla ’na thuaigh
búaidh faghla is crobaing don cráoibh.
5 A lucht cogaid[h] go cuir fói [leg. faoi?]
ar chomaib[h] (?) ni choisccfead[h] se
Goill a toigh Temra Da Thí
do-chi tre gloin f[h]edhma hé.
6 Mac Suibhne mar héag (?) ni fuair
se fa ainbrethaib[h] duilghi dáibh[s]
misde do biadh crod[h] le cleir (?)
an chliar fe[i]n do dhol da dháil.
7 Eagail foghla na tri triar
beg an gris le a ngab an gual
tir ’ga bfuil duilghi fa a ndiol
do-chluin siol Suibni na suad.
8 Triath ar cor a comad[h] úaidh
a ndiaigh ar blod[h] d’allad[h] aoil (?)
tairid[h] (?) sin da foghlaim áigh
cain domnaig a-stigh re a thaoibh.
9 Teacht na coille is ’na bein bioss
reir sgoile ni cuirthe a cáss
do ben cronna da choill duass
cnuass re a mboing orra do fas.
10 Siad aige ’na crannaib ciuil
ar madain nir mana súain
do Mac Suibne is crannghal cheoil
eoin bruid[h]ne (?) arna hadhnad[h] úaidh.
11 Ar Fhanaid nac benfa (?) be[i]m
do derbad[h] le ar dhailead[h] daibh
sgel enigh an té re a tháoibh
do sgaoil se a deinig[h] (?) do daim.
12 Fuair aoidhe ’s gan e fa fleid[h]

gibe da máoinibh do mhair
moch do iar a édedh cruidh
ler chuir an chliar d’egen air.

13 Re bfegain a docra dháoibh
at enar ni locfa a le[i]m
moch le[i]bh do anais a n-uaim
ar banais chuaigh da fleid[h] fe[i]n.

14 Cuairt do uaiccnig[h] bruigin mbuidhb
don chuairt-sin do chuiris t’ainm
ga beg sin d’f[h]iadhuin ar f[h]e[i]dhm
sib on be[i]rn ag iarraid airm.

15 Crich a meic Aibilín uaib
fa breth do daighcinidh dib
suil ti t’fian da Fanaid fen
reir nac tanaigh riamh o righ.

16 Righ alltuir fa f[h]edhaib uaib
a ndegaid[h] a labhra lain
tonn an f- (?) nar dom- (?) doibh
ar traigh do thóir omhain t’áigh.

17 Iul rompa go Fanaid fuair
sgol do ranaicc rogha raoin
slighthi socra ad chend ag cléir
gerr goma rein docra dáoibh.

18 Leighis do diommdha re daim
’na hinmadh is demin dóibh
sgol o mbí guin ar do gruaidh
an luib fuair is (s)í do fhóir.

19 Suil dechair a ngar do ghliaidh
red deabaid[h] is gabtha grain
luath le fer nac rann dod fhre[i]m
do ce[i]m mall ar fhedh an áigh.

20 Bro deghfer is daoire diol
ad degaid[h] fa dhaoirsi cliar
bem daib narb omain (?) san agh
ar lar caigh do f[h]olaig[h] th’fhian.

21 Lion curad[h] an oidhchi fhuair
ag siubal le soillsi an riúidh
do-ni giall d’aimlios ar th’fhe[i]n
na íadh fe[i]n ainfios an iúil.

22 Decair buing an datha ad diaigh
a Meic Suibhne d’allad[h] aoil
misde fer an orrtha f[h]uair
do-chuaid[h] fedh tolcha re táoibh.

23 Tucc h’adhnad[h] d’f[h]ogail ar t’f[h]e[i]n
conuir nac faghthar go foill
ingnad[h] brugh Danar fa dhíaidh
ad diaigh a cur rabad[h] róim.

24 Laoich coimdhesa re hedh n-aigh
o mac Toirrdelbaig do theidh
tes a cach le homan uaidh

uair nar gnath gorad[h] sa gréin.
25 Aoincles acc bodhmoinn ni bí
re n-irgail nar f[h]oghloim sé
nói [leg. naoi?] fogha ara fidradh fói [leg. faoi?]
gan nói gona is ingnadh é.
26 Fa mac Toirrdealbaig a-tuaidh
gasrad[h] comraicfes fa chliaidh
ni fállag tarla re dtóir
foir Fhanad a gharrgha a ngliaid[h].
27 Beirid[h] crich gan adhnad[h] uaidh
a siodh do nadhmad[h] im noin
tucc forlann truime sa túaidh
uain buille ar Domnall gur doigh.
28 A toil tar cach cuirfe[idh] a cé[i]ll
gnath don toil dola ’na díaidh
a Fanaid fe[i]ne an fer fuair
ranaig buaidh ce[i]le ben Briain.
29 Nach faghaid a n-ibter d’f[h]ion
rigrad[h] o chalaid[h] (?) a clódh
fion tunna is duilghi do dhíol
siol Suibni is urra re a ól.
30 Dob fiu a fhe[i]dhm tre conuir caoil
a mbe[i]rn nar dholta ’na dhiaidh
re a mha[o]idhim ni hiomdha uaidh
biodhba tsluaig[h] Ghaoidil a ngliaidh.
31 Mac Suibne ni snadhmtuc[h] sídh
le hecla (?) co cuirter cain
ar cora a tairrnge sa tuaidh
cruaidh an t-aigne ar coma caigh.
32 Gell gonta go Fanoid fen
rompa suil tanaig a-tuaidh
sgeoil fuara re dteachta a traigh
le buana cláir (?) Erca d’uaim.
33 Cnuais uirre do comthaib[h] caigh
le a foghtur truime sa tuaigh
beg mas daoire cumad[h] (?) che[i]n
re[i]r curad[h] na taoibe a thuaid[h].
34 Prem chlu da foighegaib fe[i]n
coimed ar an clu-sin biaid
dom cuimne ar blad[h] ’s ar be[i]m
do fre[i]m Suibni a ngar do ghliaid[h].
35 Na honchoin gan riagail (?) righ
comtha ni iaroid re n-ágh
lion cen fa cuirmdigh os cuan
nac geab suan le fuiglib[h] fád[h].[x]
36 Ingen meic tSuibne do thshir (?)
suirghe ar nac legfe a laim
rí ag fechad[h] ar gheal a gruaidh
fechad[h] uaidh ni hedh dob áil.
37 Clu righbhan a fremhi fen

ag dithlad[h] a mbemi biaidh
ar crodh Grainne is tenn an tóir
ma gerr foir daime ’na diaigh.

38 Tuairidh ferg righna re righ
an deghben is righda re[i]m
decair dion da gonaib[h] graidh
omain ar mnaib ríogh da ré[i]r.